CEACHT **2**

AN BHÁBÓG



A. Athdhéanamh ar chuid den fhoclóir a múineadh,
m.sh. bábóg, bord, bosca, clár dubh, etc.

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,

m.sh. Oscail an doras/an cófra/an mála, etc.

Dún an doras/an cófra, etc.
Suigh síos, etc.

B. **Cloisteáil, Aithint, Aithris**

Bunchomhrá

Tá bábóg ag Nuala. Róisín is ainm di. Tá Róisín ar an gcathaoir. Tá sí ag gáire. Tá Colm ar an gcathaoir. Tá sé ag léamh.

C. **Cleachtadh**

Cé hí sin? Cén t-ainm atá uirthi/Cad is ainm di?
Cá bhfuil Róisín? An bhfuil sí ag gáire?
An bhfuil Colm ar an gcathaoir? An bhfuil sé ag léamh?
An bhfuil sé ag gáire?
Céard/Cad atá ag Nuala?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,

m.sh. Tá sí **ar an gcathaoir/ar an gcófra/ar an mbord,** etc.
Tá sí **ag gáire/ag caoineadh/ag ithe,** etc.

Moltar d'oidí na múnlaí thuasluaite a úsáid i gcomhthéacsanna eile de réir chumas na bpáistí.

D. **Leathnú**

(**a**) **Amhrán** (An ceol ar théip)

An Bhábóg

Tá bábóg ag Nuala, ag Nuala, ag Nuala;
Bíonn sí ag gáire, is bíonn sí ag caoineadh.
'Sí Róisín is ainm di, is tá sí go deas,
'Sí Róisín is ainm di, is tá sí go deas.

Curfá:

Ó Róisín, ó Róisín, ó Róisín, a ghrá,
Ná bí ag caoineadh, a Róisín, a ghrá.

(**b**) **Scéilín** faoi bhábóg nó faoi Theidí atá ag leanbh sa rang.